



Department of Communications, Marine and Natural Resources
Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainni Nádirtha

SCÉIM 2006 – 2009
FAOI ALT 11
d'ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Meitheamh 2006

AN CLÁR

	Leathanach
Caibidil 1 – Réamhrá agus Cúlra	3
Treoirlínte maidir le scéim a ullmhú	3
Próiseas Comhairliúcháin	3
Ábhar na Scéime Teanga	3
Dáta Tosaigh na Scéime	4
Forbhreathnú ar an Roinn	4
Na Seirbhísí a Sholáraímid	6
Réimsí Feidhme na Roinne	7
Ár gCustaiméirí	7
Oifigí na Roinne	7
Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana féin trí Ghaeilge	7
Caibidil 2 – Bealaí Cumarsáide leis an bPobal	
Bealaí cumarsáide scríofa, ina measc cumarsáid leictreonach	9
Bealaí Cumarsáide Idirphearsanta	12
Caibidil 3 – Feabhas ar sheirbhísí a shóláthrófar go dátheangach	
Seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge	15
Tiomantas Ginearálta i leith forbairt seirbhísí trí Ghaeilge	15
Oiliúint agus Forbairt	15
Earcú agus Socrúchán	16
Acmhainní Teanga	17
Seirbhísí Aistriúcháin	17
Féiniúlacht Chorparáideach	17
Tríú Páirtithe	17
Caibidil 4 – Monatóireacht agus Athbhreithniú	18
Caibidil 5 – Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe	19
Aguisín A – Lonnú Oifigí na Roinne	20

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

Réitigh an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"). Forálann Alt 11 go réiteoidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina ndéanfar mionchur síos ar na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh le cinntiú go gcuirfear ar fáil seirbhís ar bith nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge de réir mar a fheileann sé laistigh de thréimhse ama a aontófar.

Treoirínte maidir le scéim a ullmhú

Forálann Alt 12 den Acht go réiteodh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta treoirínte, agus go scaipfí ar chomhlachtaí poiblí iad le cabhrú leo dréachtscéimeanna a ullmhú. Rinneadh an scéim seo a dhréachtú de réir na dtreoirínte sin.

Próiseas Comhairliúcháin

Ar an 7 Iúil 2005 d'fhoilsigh an Roinn fógra faoi Alt 13 den Acht ag lorg uirioll ó pháirtithe leasmhara ar bith maidir leis an dréachtscéim a ullmhú faoi Alt 11. Cuireadh sé aighneacht isteach, agus tá siad seo go léir le fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne www.dcmnr.gov.ie. Tá an Roinn buíoch as na tuairimí a nochtaigh na heagraíochtaí agus na daoine aonair seo.

Cuireadh le heolas na scéime mar gheall ar na haighneachtaí, na tuairimí agus na moltaí a nocht an fhoireann sna Rannáin éagsúla den Roinn.

Ábhar na Scéime Teanga

Mhaoirsigh Foghrúpa na Roinne ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí ullmhú agus forbairt na scéime agus fuarthas cúnaimh ó oifigigh idirchaidrimh ó gach cuid infheidhmithe den Roinn. Cuireadh críoch leis an scéim i ndiaidh comhairliúcháin fhorleathan leis an bhfoireann go léir den Roinn agus i ndiaidh dul i gcomhairliúchán chomh maith leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Beidh an dualgas a bhaineann le monatóireacht ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhainistíocht shinsearach taobh istigh den Roinn.

Cuireann an scéim leis an méid seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair mar phointe tosaigh. Tá na limistéir ina bhfeabhsófar an tseirbhís a chuireann an Roinn ar fáil as seo amach i gcorp na scéime. Istigh leis an scéim, tá tiomantas chomh maith measúnú leanúnach a dhéanamh ar leibhéal éilimh na seirbhísí trí Ghaeilge agus le cinntiú go leanann an Roinn ar aghaidh an t-éileamh seo a bhaint amach ar bhealach

pleanáilte, soiléir agus inrochtana. Leanfaidh an Roinn ar aghaidh le leibhéal éilimh na seirbhísí a mheas trí inniúchtaí rialta agus tréimhseacha a dhéanamh trí chóras comhairimh/ tomhais ar leibhéal na bhfiosruithe/ n-iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse faoi leith.

Dáta Tosaigh na Scéime

Dheimhnigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Tosóidh an scéim le héifeacht ón 2 Deireadh Fómhair 2006 agus fanfaidh sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire scéim nua de réir Alt 15 den Acht, cibé ceann is luaithe.

Forbhreathnú ar an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha

Misean agus Feidhmeanna

Is éard is Misean na Roinne ná mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2005-2007, ná:

“An fhorbairt inchothaithe, bainistíocht agus rialachán na gcumarsáidí, fuinneamh, rannóga acmhainní mara agus nádúrtha a fhorbairt mar thaca le cuspóirí eacnamaíochta náisiúnta agus polasaithe sóisialta”.

Tá sé d'aidhm ag ár Ráiteas Misin cuspóirí polasaí na Roinne a chuimsiú atá curtha ar fáil go díreach nó trí chomhlachtaí Stáit agus gníomhaíochtaí bainteacha. Is féidir ár bpríomhdhualgaisí i réimsí na cumarsáide, fuinnimh, mara agus acmhainní nádúrtha a achoimriú mar seo a leanas:

Cumarsáid

- Chun cur le fás macra-eacnamaíoch agus iomaíocht inchothaithe agus le cinntiú go bhfuil Éire réidh i gcónaí chun leas a bhaint as na deiseanna curtha ar fáil ag an tsochaí eolais agus feasa, trí infheistíocht a chur chun cinn maidir le hinfrastruchtúir úrscothacha, trí timpeallacht reachtúil agus rialaitheach thacúil a sholáthar, agus trí cháil a bhaint amach as taighde agus forbairt cheannródaíoch a fhorbairt sna rannóga eolais, cumarsáide, agus teicneolaíochtaí digiteacha.

Craobhscaoileadh

- Timpeallacht a chruthú a spreagann cothabháil ardcaighdeáin i raidió Éireannach agus seirbhísí teilifíse ag craoltóirí neamhspleácha agus ag RTÉ.
- Toghcháin inmharthana a shlánú do chraolachán ardchaighdeáin poiblí sa mhargadh Éireannach.
- Iarracht a dhéanamh rochtain a choinneáil do réimse maith cláracha i bhfoirm

analogach agus dhigiteach, ar bhunús uilíoch agus saor-le-craoladh.

Post

- Le cinntiú go mbaineann tionscal Éireannach agus custaiméirí baile taitneamh as seirbhísí poist ardchaighdeán le praghasanna iomaíocha ar chomhchéim le heacnamaíochtaí cosúla in áiteanna eile san Aontas Eorpach.
- Chun na seirbhísí agus an gréasán poist náisiúnta, leis na táillí céanna timpeall an Stáit, a chothabháil, nuair is gá rialachána a bheith ann.
- Rannóg an Phoist in Éirinn a fhorbairt ar bhealach go dtacóidh sé le príomhchuspóir eacnamaíoch na hÉireann agus í ina heacnamaíocht eolais.

Fuinneamh

- An soláthar fuinnimh a chinntiú.
- Todhchaí fuinnimh inchothaithe a fhorbairt.
- Forbairt ar mhargaí fuinnimh iomaíocha, éifeachtacha agus iad rialaithe i gceart.

An Mhuir

- Ionchar rannóg an bhia mara a uasmhéadú d'eacnamaíochtaí réigiúin an chósta.
- Úsáid agus forbairt inchothaithe chríoch mara na hÉireann a thacú agus a bhainistiú.
- Comhtháthú d'ionchur ó Institiúid Roinne agus Mara agus turasóireacht slatiascaireachta agus fóillíochta taobh istigh den fhráma oibre polasaí iomlán turasóireachta le dearcadh aige chun cur le luach na hiarrachta náisiúnta.
- Cumas taighde mara náisiúnta a sholáthar a thacaíonn le nuálaíocht agus forbairt inchothaithe den rannóg mhara agus cosaint den timpeallacht mhara.

Acmhainní Nádirtha

- Acmhainní iascaigh intíre a chaomhnú agus chun cuidiú le saothrú na hacmhainne ar bhunús cothromasach agus inchothaithe.
- Fionnachtain de fhosuithe mianra eacnamaíoch a spreagadh agus ionchur na rannóige mianadóireachta a uasmhéadú don eacnamaíocht náisiúnta, le meas faoi leith dá thionchar timpeallachta agus sóisialta.
- Tairbhí don eacnamaíocht náisiúnta a uasmhéadú ó thaiscéalaíocht i gcóir acmhainní ola agus gáis dúchasacha agus iad a thairgeadh, agus ag an am céanna,

ag déanamh cinnte go ndéantar a leithéid go sábháilte agus le haird faoi leith dá dtionchar ar an timpeallacht agus ar úsáideoirí eile talún/ mara.

- Chun cúrsaíocht agus bailíocht sonraí na geo-eolaíochta a fháil agus a chothabháil chun eolas agus comhairle tráthúil, údarásach, neamhchlaonta agus suas-chun-dáta a sholáthar chun cuidiú le rannóga éagsúla den eacnamaíocht chun forbairt agus rathúlacht a bhaint amach.
- Tacú le cinnteoireacht maidir le cosaint timpeallachta agus bainistíocht inchothaithe d'acmhainní domhanda trí sholáthar eolais agus comhairle le Suirbhé Geolaíoch na hÉireann, arbh é an ghníomhaireacht náisiúnta gheolaíoch é.

Is iad na feidhmeanna a chuirimid amach maidir leis na freagrachtaí seo ná forbairt agus athbhreithniú polasaí, forbairt rannógach, rialachán, bainistíocht acmhainní poiblí agus rialachas corparáideach.

Na Seirbhísí a Sholáthraimid

I measc na hoibre a dhéanaimid tá réimse suntasach seirbhísí a sholáthraimid go díreach don phobal. I measc iad seo tá:

- Ceadúnú báid iascaigh mhara;
- Iascach mara agus rialú ar bhia mara;
- Deimhniú ar Áitribh Bia Mara;
- Bainistíocht ar Ionaid Iascaigh Chalafoirt;
- Ceadúnú agus léasú faoi na hAchtanna Iascaigh agus Imeall Trá;
- Ceadú agus rialachán de dhobharshaothrú;
- Ceadúnú agus léasú faoi na hAchtanna Forbartha Mianraí 1940-1999 agus na hAchtanna um Fhorbairt Pheitriailim agus Mianraí Eile 1960 - 1995;
- Ceadúnú faoin Acht Iascaigh (Comhdhlúthú), 1959 (iomportáil d'iasc bheo fhuaruisce);
- Mapaí, tuairiscí agus bunachair shonraí a chuireann síos ar gheolaíocht ar an gcladach/ ar muir agus tírdhreacha na hÉireann, le cois an bhainistíocht éifeachtach dá hacmhainní uisce agus nádúrtha.

Tá a thuilleadh sonraí de sheirbhísí na Roinne ar fáil sa lámhleabhar a fhoilsímid de réir Ailt 15 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 (is féidir rochtain a fháil air seo ó láithreán Gréasáin na Roinne: www.dcmnr.gov.ie).

Réimsí Feidhme na Roinne

Tá ceithre réimse feidhme rannógach de chuid na Roinne agus limistéar tacaíochta corparáideach amháin. Is iad seo:

- Cumarsáid
- Fuinneamh
- Cúrsaí Mara
- Acmhainní Nádúrtha
- Seirbhísí Corparáideach.

Tá gach réimse feidhme roinnte i líon rannán gnó/ aonaid gnó agus tá Ceann na Feidhme i gceannas ar gach aon cheann. Tá ceathrar Rúnaithe Cúnta agus in éindí leis an Leas-Rúnaí Ginearálta agus an Rúnaí Ginearálta, is baill iad seo den Choiste Bainistíochta.

Ár gCustaiméirí

Léiríonn bunús custaiméara na Roinne an réimse leathan rannóga agus gníomhaíochta faoinár sainchúram. I measc ár gcustaiméirí tá an tAire agus an tAire Stáit, baill eile den Oireachtas, ionadaithe poiblí áitiúla, baill indibhidiúla den phobal, na comhlachtaí poiblí ionadaíochta rannpháirteach inár rannóga agus a bhfuil muid freagrach astu, daoine aonair agus comhlachtaí lena bhfuil caidreamh díreach gnó againn leo, Ranna Rialtais eile agus comhlachtaí poiblí, an tAontas Eorpach, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, agus grúpaí deonacha a thagann i dteagmháil linn de bharr a gcuid suimeanna agus ábhair inní.

Oifigí na Roinne

Tá ardoifig na Roinne lonnaithe ag 29 – 31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Tá oifigí ag an Roinn chomh maith i Lána Chill Mochargán agus Beggars Bush i mBaile Átha Cliath agus ag líon áiteanna timpeall na tíre. Tá liosta iomlán ag Aguisín A dár n-oifigí go léir timpeall na tíre.

Beidh ardoifig na Roinne ag bogadh go dtí an Cabhán mar chuid de phleananna dílártaíthe an Rialtais. Tá socrúcháin le haghaidh seo á ndéanamh ag an Coiste Feidhmithe Dílártaíthe bunaithe ag an Rialtas. Mar bharr air sin, tá pleananna á ndéanamh faoi láthair d'athlonnú fheidhmeanna an pholasaí mara go Cloich na Coillte, Co Chorcaí.

Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana féin trí Ghaeilge

Is é príomhchuspóir an Achta a chinntiú go bhfuil fáil ar níos mó seirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus iad de chaighdeán níos airde.

Faoi láthair, soláthraíonn an Roinn líon teoranta seirbhísí go dátheangach. Tá foilseacháin chorparáideacha na Roinne - Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil

agus Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí agus Cairt - ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Cuireadh ar fáil líon teoranta foilseachán chomh maith i nGaeilge agus i mBéarla. Tá polasaí ag an Roinn faoi láthair an chuid is mó dá fhógraí preas a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla agus tá stáiseanóireacht shainchlóite na Roinne agus príomhchomharthaíocht na Roinne i nGaeilge agus i mBéarla. Freagraítear gach comhfhreagras i nGaeilge agus déantar gach iarracht freastal ar chustaiméirí a chuireann glaoch ar an Roinn nó a thugann cuairt uirthi agus ar mhaith leo a g(h)nó a dhéanamh trí Ghaeilge, gan cur isteach ar luas agus caighdeán na seirbhíse a sholáthraítear.

Caibidil 2 – Bealaí Cumarsáide leis an bPobal

Déanann an Roinn cumarsáid leis an bpobal:

- (1) trí mheáin scríofa, cumarsáid leictreonach ina measc;
- (2) trí mheáin idirphearsanta.

Bealaí cumarsáide scríofa ina measc cumarsáid leictreonach

Rinne an Roinn measúnú ar na meáin éagsúla scríofa cumarsáide leis an bpobal atá á úsáid timpeall na Roinne. Leagtar amach iad seo thíos in éindí le coimhlintí na Roinne maidir le forbairt ar pholasaí seirbhíse don Ghaeilge:

Modhanna Cumarsáide	Tiomantas Seachadta do Sheirbhísí trí Ghaeilge
Foilseacháin Chorporáideacha, ina measc Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Plean Gníomhaíochta Seirbhísí do Chustaiméirí, Cairt Seirbhísí do Chustaiméirí, Cárta Tuairimí do Chustaiméirí, Lámhleabhair ar na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise Alt 15 & 16.	Teastaíonn ó Alt 10 den Acht go bhfoilseofaí doiciméad a leagann amach polasaithe a dhéanamh trí Ghaeilge agus trí Bhéarla ag an am céanna, ina measc an Ráiteas Straitéise, Tuarascáil Bhliantúil, Cuntais Iniúchta nó Ráitis Airgeadais. Déanfar gach foilseachán corparáideach eile i bhformáid dhátheangach.
Treoirínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais a bhaineann le scéimeanna/cláracha/proiséis indibhidiúla.	Déanfar na treoirínte go léir, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ginte ag an Roinn maidir le scéimeanna, cláracha nó próiséis agus a dtagaítear dóibh i Lámhleabhair na Roinne maidir le hAilt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, i bhformáid dhátheangach.
Foilseacháin Roinne ar ráitis mhóra polasaithe nó athbhreithnithe i gcumarsáid, fuinneamh, rannóga acmhainní mara agus nádúrtha.	Beidh na foilseacháin seo ar fáil go ginearálta go dátheangach. Má tá costas an fhoilseacháin dhátheangaigh ró-ard in aon chás amháin mar gheall ar mhéid an doiciméid, is féidir leis an Roinn rogha a dhéanamh an achoimre feidhmeach/moltaí a fhoilsiú i bhformáid dhátheangach.
Foilseacháin ginte ag comhlachtaí eile ach ar fáil ón Roinn.	Cuirfear na foilseacháin seo ar fáil sa teanga inar foilsíodh iad ag an Roinn/comhlachta atá á ndéanamh.
Eisiúintí Preas	Cuirfear eisiúintí preas na Roinne, seachas óráidí a eisíodh nó a ceanglaíodh le heisiúintí preas, ar fáil go dátheangach ar láithreán Gréasáin na Roinne agus i gcóip chrua. (Beidh aguisíní ceangailte le heisiúintí preas e.g. liostaí d'oibreacha calafoirt feabhsaithe chun deontais a fháil,

	na sonraí go léir de cheapacháin an Bhoird, etc., ar fáil in aon teanga oifigiúil amháin).
Teachtaireachtaí ríomhaireachta ríomhthairseachta.	Beidh an séanadh caighdeánach ar chumarsáidí ríomhphoist dátheangach. Is féidir le baill fhoirne indibhidiúla rogha a dhéanamh an chuid sin nach ngineann an córas de na teachtaireachtaí ríomhphoist "as an oifig" a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga.
Óráidí.	Déanfar óráidí sa teanga inar seachadtar iad.
Iarratais ar Aighneachtaí.	Déanfar iarratais ar Aighneachtaí i mBéarla, sin mura mbaineann sé leis an nGaeilge.
Freagraí ar iarratais Saorála Faisnéise	Is é an cleachtas sa Roinn ná go bhfoilseofar freagraí ar iarratais Saorála Faisnéise (seachas iarratais ar eolas pearsanta) ar láithreán Gréasáin na Roinne sa teanga ina ndearnadh an t-iarratas agus leanfar leis an gcleachtas seo.
Láithreán Gréasáin	Forbróidh an Roinn láithreáin Ghréasáin chomhuaineacha maidir leis an ábhar ginearálta a bhaineann leis an Roinn agus a sheirbhísí. Beidh ábhar áirithe, mar a shonraítear thuas, e.g. óráidí, foilseacháin ginte ag Ranna/ comhlachtaí eile agus aon ábhar nach bhfuil an Roinn ag iarraidh a fhoilsiú go dátheangach ar fáil i mBéarla amháin ar an láithreán Gréasáin.
Ionstraimí Reachtúla.	Tá an Roinn freagrach as 260 Ionstraim Reachtúla (IR) gach bliain. Baineann go leor acu seo le Bainistíocht Iascaigh agus Caomhnú. Tá an chatagóir seo de IR thar a bheith teicniúil agus níl ach an beagán curtha i bhfeidhm ar feadh tréimhse fhada agus cuirtear in áit IR nua ina n-ionad ansin. Tá roinnt de na catagóirí eile de Ionstraimí Reachtúla déanta ag an Roinn (margadh inmheánach i ngás nádúrtha, leictreachas etc) thar a bheith teicniúil agus is féidir leo a bheith an-mhór ó thaobh an mhéid de. Beidh eolas faoi na riachtanais cruthaithe ag a leithéid d'ionstraimí curtha in iúl don phobal trí úsáid a bhaint as fógraí sna meáin a bheidh ar fáil sa dá theanga. Mar gheall ar na hacmhainní atá ar fáil dúinn

	<p>agus na limistéir eile a d'aithin muid mar thosaíochtaí níos mó d'fheabhsú caighdeán ár seirbhísí do chustaiméirí sa Ghaeilge, níl aistriúchán a leithéidí Ionstraimí Reachtúla ina thosaíocht don scéim seo.</p> <p>Beidh Ionstraimí Reachtúla eile (íocaíocht in áit rialacháin fhíneála, rialacháin táillí ceadúnais, etc.) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla leis an aistriúchán Gaeilge de na hionstraimí a chuirtear ar fáil i mBéarla taobh istigh de ceithre seachtaine d'fhoilsiú an bunIonstraim.</p>
Logainmneacha Gaeltachta.	<p>Cuirfidh an Roinn in áit na socrúcháin riachtanacha le cinntiú go n-úsáideann an Roinn logainmneacha oifigiúla na gceantracha Gaeltachta mar réamhshocrú do chuspóirí oifigiúla i bhfoilseacháin na Roinne, bunachair shonraí inmheánacha, etc.</p>
Foilseacháin Eile.	<p>Beidh Tuarascálacha Athbhreithnithe Caiteachais, Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn faoin bPlean Náisiúnta Forbartha, Pleananna Gníomhaíochtaí/ Tuarascálacha ar an Dul Chun Cinn faoi Dhul Chun Cinn Inchothaithe agus a chomharba, Tuarascálacha ó Shainchomhairleoirí, doiciméid dírithe ar lucht léite áirithe taobh amuigh den Stát agus doiciméid d'úsáid inmheánach na Roinne e.g. polasaithe acmhainní daonna, pleananna traenála agus forbartha, cairteacha custaiméirí inmheánacha i mBéarla amháin don chuid is mó.</p> <p>Ní hé an rún leaganacha dátheangacha de dhoiciméid le nádúr teicniúil a fhoilsiú go dátheangach sin nó más beag a scaipeadh.</p> <p>Smaoineofar ar aon fhoilseachán eile nach bhfuil liostaithe thuas agus a bhfuil tagairt dó in aon chatagóir eile a fhoilsiú go dátheangach, ag brath ar chás go cás agus le haird faoi leith ar dhoiciméid a mbeadh spéis ag an bpobal iontu, nádúr an doiciméid, agus méid agus leagan amach an ábhair.</p>

Áit a bhfuil tiomantais déanta ag an Roinn maidir le forbairt mheáin chumarsáide dhátheangacha scríofa, cumarsáid leictreonach san áireamh, tiocfaidh an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- Ní bheidh éifeacht chúlghabhálach ar na tiomantais dhátheangacha thuas go ginearálta. Is é an dáta tosaigh atá leagtha amach do fhoilsiúcháin dhátheangacha (i gcóip chrua nó i bhformáid leictreonach, an láithreán Gréasáin san áireamh) ná an 2 Deireadh Fómhair 2006 (dáta tosaigh na scéime) chun seirbhís aistriúcháin a chur san áireamh atá éifeachtach ó thaobh costais de;
- Le héifeacht ón 2 Deireadh Fómhair 2006 (dáta tosaigh na scéime), tairgeofar gach meán cumarsáide scríofa i bhformáid dhátheangach ag am a thairgítear iad nó a nuashonraítear iad. Mar sin féin, déanfaidh an Roinn treoirlínte, bileoga agus foirmeacha iarratais maidir le scéimeanna leanúnacha, cláracha agus próiseas, mar atá leagtha amach ag Lámhleabhair na Roinne ar Shaoráil Faisnéise Alt 15 agus 16, a fhoilsiú i bhformáid dhátheangach, áit nach bhfuil a leithéid de dhoiciméid in am is a bheith nuashonraithe faoi dheireadh 2008;
- Nuair atá ag foilsiú i gcóip chrua, déanfaidh an Roinn gach iarracht a chinntiú go bhfuil foilseacháin dhátheangacha táirgtha faoi aon chlúdach amháin in áit doiciméid aonair sa teanga a fhoilsiú. Mar sin féin, áit a mbeadh éifeacht ag méid an fhoilseacháin dhátheangacha ar a éifeacht, soláthrófar leaganacha Gaeilge agus Béarla. Maidir leis an méid seo, déanfar ráiteas i ngach aon cheann go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile. Ní bhaineann an tiomantas seo le foilseacháin ar an láithreán Gréasáin ná d'Ionstraimí Reachtúla a fhoilseofar ina n-aonar;
- Forbrófar láithreán Gréasáin dhátheangach na Roinne thar thréimhse na scéime chun spás a thabhairt d'athdhearadh agus costais aistriúcháin le bheith scaipthe thar trí bliana. Seans go mbeidh gá ag forbairt na n-áiseanna dhátheangacha ar líne le hobair shuntasach uasghráduithe a bheidh á chur san áireamh i gcomhthéacs uasghráduithe córais as seo amach. Beidh foilseachán an láithreáin Ghréasáin go dhátheangach, go ginearálta, ní foilsiú Gaeilge agus Béarla in aice lena chéile mura bhfuil sé seo riachtanach faoin Acht nó scéim.

Bealaí Cumarsáide Idirphearsanta

Rinne an Roinn measúnú ar na meáin éagsúla idirphearsanta cumarsáide leis an bpobal atá á úsáid timpeall na Roinne. Leagtar amach iad seo thíos in éindí le coimíntí na Roinne maidir le forbairt ar pholasaí seirbhíse don Ghaeilge:

Modhanna Cumarsáide	Tiomantas Seachadta do Sheirbhísí trí Ghaeilge
Seirbhís Teileafóin/ Lasc-chláir	Cinntoidh an Roinn go mbeidh na fógraí réamhthairgthe nach bhfuil ginte ag an gcóras i bhformáid dhátheangach faoi Nollaig 2006 (i.e. na fógraí réamhthairgthe in áit nuair a bhíonn oifigí na Roinne dúnta nó nuair a bhíonn oibrítheoir an lasc-chláir gnóthach).

	<p>Freagróidh an lasc-chláir an teileafóin trí thagairt a dhéanamh don Roinn i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Sóláthrófar foireann an lasc-chláir le liosta de bhaill foirne na Roinne i ngach aon rannóg/ aonadh ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.</p> <p>Is féidir le baill foirne faoi leith rogha a dhéanamh a dteachtaireachtaí glórphoist a dhéanamh i nGaeilge nó i mBéarla nó sa dá theanga.</p>
Áiseanna ag an Deasc Fáilte.	Sóláthrófar foireann an deasc fáilte liosta de bhaill foirne na Roinne i ngach aon rannóg/ aonadh ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge.
Teagmháil duine le duine ar an teileafón nó i bpearsan.	<p>Chun seirbhísí idirphearsanta a sholáthar trí Ghaeilge, ar an teileafón nó i bpearsan, faoi mhí na Nollag 2006, tabharfaidh an Roinn na dualgaisí seo do chúrsaí a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla d'Oifigeach Gaeilge.</p> <p>Is é an ról a bheidh ar an Oifigeach Gaeilge ná maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na hAchta agus na Scéime sa Roinn.</p> <p>Tabharfaidh foireann timpeall na Roinne a bhfuil cumas sa Ghaeilge acu faoi láthair cúnaimh don Oifigeach Gaeilge.</p> <p>Aithneofar foireann le cumas chun seirbhísí Gaeilge idirphearsanta a shólathar (má aontaíonn siad) i mbealach cuí ar liostaí teileafóin, ag an deasc fáilte agus ar an gcairt eagraíochta agus cuirfear a seoladh ríomhphoist san áireamh faoi áiteanna cuí ar an láithreán Gréasáin.</p>
Polasaí do Chruinnithe Poiblí.	Bíonn an chuid is mó de chruinnithe na Roinne sa teanga Bhéarla amháin. Mar sin féin, nuair atá gá leis, soláthróidh an Roinn foireann le cumas sa Ghaeilge do chruinnithe i gceantracha Gaeltachta nó le déileáil le cúrsaí Gaeltachta.
Córais Ríomhaireachta	Beidh forbairt ar sheirbhísí nua idirghníomhacha ar líne comhoiriúnach leis an nGaeilge, ag cur san áireamh sofhaighteacht bhogearraí Gaeilge ón

	sólatháraí bogearraí cuí.
Oifigí sa Ghaeltacht	Is í an Ghaeilge a bheidh ina teanga oibre i ngach ceann d'oifigí na Roinne lonnaithe sa Ghaeltacht nach bhfuil ag feidhmiú ar an gcaoi seo faoi láthair. Is é an spriocdháta do chur i bhfeidhm an tiomantais seo ná 2020.
Seirbhís do Cheantair Ghaeltachta	Glacann an Roinn leis, seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge do bhaill an phobail sna ceantracha Gaeltachta thar thréimhse na scéime.

Caibidil 3 – Feabhas ar sheirbhísí a sholáthrófar go dátheangach

Seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge

Ina chéad scéim, is éard a bheidh mar phríomhfhócas na Roinne ná tógáil leis an réimse meáin scríofa agus leictreonach chumarsáide ar fáil go dátheangach agus ag forbairt cumas sa Ghaeilge i measc na foirne chun éascú le seachadadh seirbhísí sa Ghaeilge ar leibhéal ginearálta. I gcleachtas, ciallaíonn sé seo go mbeidh an Roinn in ann eolas ginearálta faoin Roinn agus a seirbhísí a sholáthar i nGaeilge ach ní bheidh sí in ann seirbhís nó clár gnó faoi leith a sholáthar i nGaeilge.

Tiomantas Ginearálta i leith forbairt seirbhísí trí Ghaeilge

Tá tiomantas ag an Roinn spreagadh a thabhairt do scileanna teanga sa Ghaeilge a fhorbairt thar réimsí uilig na Roinne chun éascú le forbairt leanúnach ardchaighdeán duine-le-duine do sheirbhís chustaiméirí i nGaeilge chun éileamh na seirbhísí seo a bhaint amach.

Tá an Roinn, mar sin féin, ag tosú ó bhunús íseal i dtéarmaí cumas sa Ghaeilge maidir le seirbhís Ghaeilge scríofa agus idirpearsanta araon. Cé go bhfuil soláthar na gcumarsáidí scríofa i bhformáid dhátheangach ag brath ar chostas agus am, tá forbairt na scileanna teanga Gaeilge don fhoireann chun cuidiú le seachadadh seirbhísí idirpearsanta i bhfad níos deacra. Tá iniúchadh déanta ag an Roinn cheana féin ar scileanna Gaeilge timpeall na Roinne agus tá sí in ann leibhéal seirbhísí Gaeilge idirpearsanta a sholáthar bunaithe ar an tsofhaighteacht reatha de scileanna sa Ghaeilge. Mar sin féin, tógfaidh sé i bhfad níos mó ama agus iarracht níos mó an príomhghrúpa beag foirne leis an gcumas agus féinmhuinín sa Ghaeilge a mhéadú chun seirbhísí sa Ghaeilge a sheachadadh ag leibhéal idirpearsanta. Beidh éifeacht freisin ar an gcaoi gur féidir seirbhísí idirpearsanta a fhorbairt maidir le héileamh áirithe na seirbhísí seo.

Nuair a thuigtear gur féidir le foireann nó rannóga déileáil le custaiméirí trí Ghaeilge ar leibhéal idirpearsanta, déanfaidh an tOifigeach Gaeilge forbairt ar shofhaighteacht na seirbhíse Gaeilge ar liostaí, le comhaontú ón bhfoireann, de shonraí teagmhála ar an liosta teileafóin, cairt eagraíochta agus láithreán Gréasáin do chustaiméirí. Beidh éifeacht sa mbreis aige seo ar fhéinmhuinín sa phobal a chur chun cinn maidir le sofhaighteacht seirbhíse custaiméara ardchaighdeán a sholáthar i nGaeilge agus éileamh folaigh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a thabhairt amach.

Oiliúint agus Forbairt

Déanfaidh an tAonad Forbartha Foirne/ Oifigeach Gaeilge an méid seo:

- Cúrsaí traenála Gaeilge cuí a chur ar fáil don fhoireann ar fad, ina measc taobh istigh d'uaireanta oibre, chun tinreamh a uasmhéadú chomh maith leis an bhaint atá aige le hobair na Roinne;
- Aisíoc ar tháillí a chur chun cinn chun oiliúint sa Ghaeilge a spreagadh;

- Comhairle a sholáthar don fhoireann ar an réimse ardchaighdeán ranganna Gaeilge ar fáil taobh amuigh d'uaireanta oifige (e.g. Dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge; Sult, Gael-Linn, etc);
- Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid d'Ionductú agus cúrsaí traenála ar Sheirbhísí do Chustaiméirí le cinntiú:
 - go dtuigeann an Roinn cén fáth atáthar ag forbairt polasaí ar sheirbhís Ghaeilge
 - comhthéacs agus cúlra an pholasaí a thuiscint
 - go bhfuil siad eolasach ar fad ar an éifeacht a bheidh aige ar a gcuid oibre;
- Measúnú a dhéanamh ar gach cúrsa, cúrsaí Gaeilge san áireamh agus cúrsaí curtha ar fáil trí Ghaeilge, ar bhun rialta le déimhniú cén chaoi a bhfuil an Roinn ag baint a spriocanna amach;
- Liosta de Cheisteanna Coitianta i bhformáid dhátheangach a fhorbairt, faoi dheireadh 2007, i gcomhpháirt le gach aon rannóg/ aonad chun cuidiú le foireann atá ag déileáil le fiosruithe idirphearsanta trí Ghailege ag leibhéal an rannáin/an aonaid agus iad seo a chur ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne;
- Leanúint ar aghaidh le saorálaithe a lorg chun seirbhísí Gaeilge timpeall na Roinne a chur ar fáil de réir mar a fhorbraíonn cumas na Roinne sa Ghaeilge. Le comhaontú ón bhfoireann, beidh siad aitheanta ar bhealach cuí ar liostaí teileafóin, ag an deasc fáilte agus ar an gcairt eagraíochta agus beidh a seoltaí ríomhphoist curtha san áireamh ar an láithreán Gréasáin;
- Socruithe a chur in áit do cheiliúradh, ar bhealach cuí, a dhéanamh ar imeacht bhliantúil na Roinne do Sheachtain na Gaeilge;
- Deiseanna a fhiosrú ar fhorbairt scileanna Gaeilge don fhoireann trí ghníomhaíochtaí neamhfhoirmeálta a spreagadh.

Earcú agus Socrúchán

Beidh na socruithe seo a leanas curtha i bhfeidhm, thar thréimhse na scéime, le cinntiú go n-earcaítear líon sásúil foirne le cumas sa Ghaeilge agus go gcoinnítear iad taobh istigh den Roinn chun cloí le forálacha an Achta:

- Mar chuid dá pholasaí earcaíochta, fógróidh an Roinn, in éindí leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, comórtais don fhoireann chun obair trí Ghaeilge (go háirithe sa Ghaeltacht agus/nó ag freastal ar phobail Ghaeltachta), nuair nach bhfuil daoine cuí ar fáil go ginearálta trí leibhéal ginearálta comórtais.
- Beidh lonnú cuí don fhoireann lena leithéid de chumas curtha i bhfeidhm ag an Roinn, go háirithe sna hoifigí Gaeltachta, nó in oifigí a fhreastalóidh ar cheantracha Gaeltachta.

Acmhainní Teanga

Beidh rochtain éasca ag an bhfoireann ar fad ar eolas agus acmhainní teanga, e.g. foclóirí, cóip chrua agus i bhformáid leictreonach araon.

Seirbhísí Aistriúcháin

Le héifeacht ó thús na scéime, cuirfidh an Roinn ar fáil don fhoireann liosta de na comhlachtaí agus indibhidiúil go léir a chuireann seirbhísí aistriúcháin ar fáil. Beidh seirbhísí tacaíochta theicneolaíochta an eolais, cuir i gcás bogearra litreora, curtha ar fáil taobh istigh den Roinn.

Smaoineoidh an Roinn, i ndiaidh monatóireacht a dhéanamh ar éileamh seirbhísí trí Ghaeilge, ar aistritheoir a earcú chun seirbhísí aistriúcháin inti a sholáthar. Tógfar cinneadh maidir leis leis seo faoi lár 2008.

Féiniúlacht Chorparáideach

Leanfar ar aghaidh le formáid dhátheangach na Roinne maidir le stáiseanóireacht, cuir i gcás, ceann litreacha agus duillíní dea-mhéine. Nuair atá sé riachtanach stáiseanóireacht na Roinne a athrú nó níos mó a ordú isteach beidh tagairt ar leith déanta ag cur fáilte roimh an Ghaeilge ar an stáiseanóireacht nua e.g.

Beidh fáilte roimh chomhfhreagras as Gaeilge.

Tríú Páirtithe

Le héifeacht ó thús na scéime, cuirfear ar eolas na tríú páirtithe ag obair ar son na Roinne, faoin scéime nuair is cuí agus spreagfar iad chun spiorad na scéime a scáthánú sna seirbhísí a chuireann siad ar fáil.

Caibidil 4: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Soláthróidh an tOifigeach Gaeilge tacaíocht agus cúnaimh do na háiteanna go léir sa Roinn ar na tiomantais taobh istigh den scéim agus beidh freagracht iomlán aici/aige maidir le maoirsiú ar chur i bhfeidhm an Achta agus na Scéime sa Roinn. Leanfar ar aghaidh le monatóireacht agus cur i bhfeidhm fheidhmeanna ag Ceanna na bhFeidhmeanna maidir leis na rannóga a bhfuil siad freafrach astu. Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge monatóireacht rialta ar bhun rialta soláthar agus éileamh na seirbhísí Gaeilge thar na limistéir go léir sa Roinn.

Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge tuairisciú ar dhul chun cinn don Choiste Páirtnéireachta Lárnach agus don Choiste Bainistíochta gach sé mhí. Cuirfear dul chun cinn ar scéim na Roinne san áireamh i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne ag tosú le Tuarascáil Bhliantúil na Roinne 2006.

Caibidil 5: Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

Déanfar poiblíocht ar an scéim seo trí na modhanna seo a leanas:

- Eisiúint Preas
- Seoladh oifigiúil na scéime
- Fógra poiblí ar shofháiilteacht na scéime
- Scaipeadh do chomhlachtaí cuí
- Poiblíocht ar an scéim ar láithreán Gréasáin na Roinne.

Tá cóip den scéim seolta chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus iad siúd go léir a chuir aighneachtaí isteach sa Roinn i gcomhthéacs na scéime seo atá á fhorbairt.

AGUISÍN A: LONNÚ OIFIGÍ NA ROINNE

Tá Ceanncheathrú na Roinne lonnaithe faoi láthair ag **29 – 31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2** - Teil: 01-6782000; Uimhir LóGhlao: 1890 44 99 00. Tá oifigí ag an Roinn timpeall na tíre mar atá liostaithe thíos:

Lána Chill Mochargán, Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-6782000

An Rannóg Fionnachtana agus Mianadóireachta, Beggars Bush, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teil: 01-6782000

An Rannóg um Chúrsaí Peitrioliaim, Beggars Bush, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teil: 01-6782000

Suirbhé Geolaíoch na hÉireann, Beggars Bush, Bóthar Haddington, Baile Átha Cliath 4.
Teil: 01 – 6782000

Oifig na gCuntas, Teach Michael Davitt, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo.
Teil: 094 9024744

An Rannóg Innealtóireachta, “Oak House”, Bóthar Bessboro, Machan, Corcaigh.
Teil: 021 4515100

An Rannóg Innealtóireachta, An Phríomhshráid Uachtarach, Baile an tSionnainn, Co. Dhún na nGall.
Teil: 071 9852561

An Rannóg Innealtóireachta, Teach Ross, Bóthar an Cheanntálaí, Gaillimh.
Teil: 091 564514

An Rannóg Innealtóireachta, 3 Greenview Terrace, Cé an Phrionsa, Trá Lí, Co. Chiarraí.
Teil: 066 7127235

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, “Oak House”, Bóthar Bessboro, Machan, Corcaigh
Teil: 021 4515100

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, An Daingean Oifig an Chalafoirt, An Daingean, Co. Chiarraí. Teil: 066 9151152

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, Bhaile an Chaisleáin, Co. Chorcaí.
Teil: 027 70439

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, Dún Mór, Co. Phort Láirge.
Teil: 051 383135

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, Halla an Cheanta, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall.
Teil: 074 9731264

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, Ros-a-Mhíl, Co. na Gaillimhe. Teil: 091 572405

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, Teach Ross, Bóthar an Cheantálaí, Gaillimh.
Teil: 091 568313

Rialú agus Forfheidhmiú Iascaigh Mara, Halla an Cheanta, An Ché Thiar, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath. Teil: 01 8321910

Ionad Calafóirt Iascaigh Bhaile an Chaisleáin, Oifig an Chalafóirt, Co. Chorcaí. Teil: 027 70220

Ionad Calafóirt Iascaigh Dhún Mhóir Thoir, Oifig an Chalafóirt, Dún Mór Thoir, Co. Phort Láirge. Teil: 051 383166

Ionad Calafóirt Iascaigh Bhinn Éadair, Oifig an Chalafóirt, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath.
Teil: 01 8322252

Ionad Calafóirt Iascaigh na gCealla Beaga, Oifig an Chalafóirt, Na Cealla Beaga, Co. Dhún na nGall.
Teil: 074 9731032

Ionad Calafóirt Iascaigh Ros-a-Mhíl, Oifig an Chalafóirt, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091 572108